2024/1109 23.5.2024

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1109 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 10 Aibreán 2024**

**lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais agus nósanna imeachta riaracháin don údarás inniúil maidir le deimhniúchán, formhaoirseacht agus forfheidhmiú ar aeracmhainneacht leanúnach córas aerárthaí deimhnithe gan foireann, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/203**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2111/2005, (CE) Uimh. 1008/2008, (AE) Uimh. 996/2010, (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoracha 2014/30/AE agus 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 552/2004 agus (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 62(14) agus (15), pointí (a), (b) agus (c) agus Airteagal 72(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 58(1) de Rialachán (AE) 2018/1139 leagtar síos ceanglais mhionsonraithe maidir le haeracmhainneacht leanúnach do chórais aerárthaí deimhnithe gan foireann (UAS) arna n-oibriú i gcatagóir 'sonrach' agus nach mór deimhniú aeracmhainneachta a fháil ina leith, agus a gcomhpháirteanna, agus d'eagraíochtaí agus do phearsanra a bhfuil baint acu leis na gníomhaíochtaí sin i Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1107 ón gCoimisiún ([2]).

(2) Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na gceanglas mionsonraithe sin maidir le haeracmhainneacht leanúnach a áirithiú, ba cheart rialacha agus nósanna imeachta don mheasúnú ar chomhlíonadh na gceanglas sin atá le cur i bhfeidhm ag na húdaráis inniúla a leagan síos. Ba cheart do na rialacha agus na nósanna imeachta sin na ceanglais a léiriú le haghaidh na n-údarás inniúil atá freagrach as aeracmhainneacht leanúnach aerárthaí le foireann a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún ([3]), ach an tráth céanna oiriúnaithe do chreat sonrach UAS.

(3) Thairis sin, chun rioscaí sábháilteachta a dhíorthaítear as bagairtí slándála faisnéise is gá do na húdaráis inniúla atá freagrach as aeracmhainneacht leanúnach aerárthaí deimhnithe gan foireann agus a gcomhpháirteanna na ceanglais a chur i bhfeidhm maidir le bainistiú riosca a bhaineann le slándáil faisnéise lena ngabhann tionchar féideartha ar an tsábháilteacht eitlíochta a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/203 ón gCoimisiún ([4]). Ba cheart dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/203 a leasú chun na húdaráis inniúla sin freisin a áireamh ina raon feidhme.

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1139/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1107 ón gCoimisiún an 13 Márta 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha mionsonraithe a leagan síos le haghaidh aeracmhainneacht leanúnach córas deimhnithe aerárthaí gan foireann agus a gcomhpháirteanna, agus maidir le formheas eagraíochtaí agus pearsanra a bhfuil baint acu leis na cúraimí sin (IO L, 2024/1107, an 17 Aibreán 2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg_del/2024/1107/oj).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2014 maidir le haeracmhainneacht leanúnach na n-aerárthach agus táirgí, páirteanna agus fearais aerloingseoireachta, agus maidir le formheas na n-eagraíochtaí agus an phearsanra a bhfuil baint acu leis na cúraimí sin (IO L 362, 17.12.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/1321/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/203 ón gCoimisiún an 27 Deireadh Fómhair 2022 lena leagtar síos rialacha chun Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm, a mhéid a bhaineann le ceanglais maidir le bainistiú rioscaí a bhaineann le slándáil faisnéise lena ngabhann tionchar féideartha ar an tsábháilteacht eitlíochta le haghaidh eagraíochtaí a chumhdaítear le Rialacháin (AE) Uimh. 1321/2014, (AE) Uimh. 965/2012, (AE) Uimh. 1178/2011, (AE) 2015/340 ón gCoimisiún, Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 agus (AE) 2021/664 ón gCoimisiún, agus le haghaidh údaráis inniúla a chumhdaítear le Rialacháin (AE) Uimh. 748/2012, (AE) Uimh. 1321/2014, (AE) Uimh. 965/2012, (AE) Uimh. 1178/2011, (AE) 2015/340 agus (AE) Uimh. 139/2014 ón gCoimisiún, Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 agus (AE) 2021/664 ón gCoimisiún, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1178/2011, (AE) Uimh. 748/2012, (AE) Uimh. 965/2012, (AE) Uimh. 139/2014, (AE) Uimh. 1321/2014, (AE) 2015/340 ón gCoimisiún, agus Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 agus (AE) 2021/664 ón gCoimisiún (IO L 31, 2.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/203/oj).

(4) Is gá am leordhóthanach a sholáthar do na húdaráis inniúla chun comhlíontacht leis na rialacha agus na nósanna imeachta nua a áirithiú maidir le measúnú comhlíontachta UAS deimhnithe ag a bhfuil ceanglais mhionsonraithe aeracmhainneachta leanúnaí, da bhrí sin ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Bealtaine 2025. Dá bhrí sin, ba cheart na ceanglais maidir le bainistiú na rioscaí a bhaineann le slándáil faisnéise lena ngabhann tionchar féideartha ar an tsábháilteacht eitlíochta a chur siar go dtí go dtagann Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/203 chun bheith infheidhme.

(5) Thug Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh cúnamh don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 75(2), pointí (b) agus (c) agus Airteagal 76(1) de Rialachán (AE) 2018/1139, agus an 31 Lúnasa 2023 chuir sí Tuairim Uimh 03/2023 ([5])lena mbaineann faoi bhráid an Choimisiúin.

(6) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste maidir le rialacha comhchoiteanna sábháilteachta a chur i bhfeidhm i réimse na heitlíochta sibhialta arna bhunú le hAirteagal 127(1) de Rialachán (AE) 2018/1139,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar agus raon feidhme**

Leis an Rialachán seo, bunaítear na rialacha agus na nósanna imeachta atá le cur i bhfeidhm ag na húdaráis inniúla don mheasúnú ar chomhlíonadh na gceanglas mionsonraithe aeracmhainneachta leanúnaí a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1107.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'córas aerárthaigh gan foireann (UAS)' aerárthach gan foireann, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(30) de Rialachán (AE) 2018/1139, agus a aonad rialúcháin agus faireacháin;

(b) ciallaíonn 'aonad rialúcháin agus faireacháin (ARF)' an trealamh chun aerárthaí gan foireann a rialú go cianda, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(32) de Rialachán (AE) 2018/1139;

(c) ciallaíonn 'comhpháirt' aon inneall, lián nó páirt den aerárthach gan foireann (UA), nó aon eilimint den aonad rialúcháin agus faireacháin;

(d) ciallaíonn 'aeracmhainneacht leanúnach' na próisis uile lena n-áirithítear, tráth ar bith le linn a shaolré oibriúcháin, go gcomhlíonann an córas aerárthaigh gan foireann na ceanglais aeracmhainneachta is infheidhme agus go bhfuil sé i riocht lena oibriú go sábháilte;

(e) ciallaíonn 'cothabháil' aon cheann de na gníomhaíochtaí seo a leanas nó meascán díobh: ollchóiriú, deisiú, cigireacht, ionadú, modhnú nó coigeartú fabht ar chóras aerárthaigh gan foireann nó comhpháirt, cé is moite de chigireacht réamheitilte;

(f) ciallaíonn 'eagraíocht' duine nádúrtha, duine dlítheanach nó cuid de dhuine dlítheanach, ar féidir é a bhunú ag breis is aon suíomh amháin cé acu atá sé laistigh de chríoch na mBallstát nó nach bhfuil;

(g) ciallaíonn 'cigireacht réamheitilte' an chigireacht a dhéantar roimh eitilt chun a áirithiú go bhfuil an t-aerárthach gan foireann oiriúnach don eitilt atá beartaithe;

(h) ciallaíonn 'príomháit ghnó' ceannoifig nó oifig chláraithe an ghnóthais ar laistigh dó a fheidhmítear príomhfheidhmeanna airgeadais agus rialuithe oibriúcháin na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear sa Rialachán seo.

([5]) https://www.easa.europa.eu/en/document-library/opinions

*Airteagal 3*

**Údaráis inniúla**

1. Ainmneoidh Ballstát eintiteas amháin nó níos mó mar an t-údarás inniúil ag a bhfuil na cumhachtaí is gá agus na freagrachtaí leithdháilte chun na cúraimí deimhniúcháin, formhaoirseachta agus forfheidhmithe a fheidhmiú i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1107.

2. Comhlíonfaidh córais riaracháin agus bainistíochta údaráis inniúil Ballstáit dá dtagraítear i mír 1, agus na Gníomhaireachta na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn.

3. I gcás ina n-ainmneoidh Ballstát níos mó ná eintiteas amháin mar an t-údarás inniúil comhlíonfar na ceanglais seo a leanas:

(a) déanfar réimsí inniúlachta gach eintitis a shainiú go soiléir, go háirithe i dtéarmaí cúraimí agus teorainneacha geografacha;

(b) bunófar comhordú idir na heintitis sin chun feidhmíocht éifeachtach na gcúraimí deimhniúcháin, formhaoirseachta agus forfheidhmithe laistigh dá réimsí inniúlachta faoi seach a áirithiú.

4. Nuair is gá cúraimí deimhniúcháin, formhaoirseachta nó forfheidhmithe a dhéanamh, tabharfar de chumhacht don údarás inniúil:

(a) scrúdú a dhéanamh ar na taifid, ar na sonraí, ar na nósanna imeachta agus aon ábhar eile atá ábhartha chun cúraimí deimhniúcháin, formhaoirseachta nó forfheidhmithe a dhéanamh;

(b) cóipeanna a dhéanamh de na taifid sin, de na sonraí sin, de na nósanna imeachta sin agus den ábhar eile nó sleachta a bhaint astu;

(c) míniúchán ó bhéal a iarraidh ar an láthair ó aon phearsanra de na heagraíochtaí sin;

(d) rochtain a fháil ar aon áitreamh ábhartha, ar aon láithreán oibriúcháin ábhartha nó ar aon mhodh iompair ábhartha;

(e) iniúchtaí, imscrúduithe, measúnuithe, cigireachtaí a dhéanamh, lena n-áirítear cigireachtaí gan réamhfhógra i leith na n-eagraíochtaí sin;

(f) bearta forfheidhmithe a ghlacadh nó a thionscnamh de réir mar is iomchuí.

5. Úsáidfear na cumhachtaí dá dtagraítear i mír 4 i gcomhréir le forálacha dlíthiúla is infheidhme an Bhallstáit ábhartha.

*Airteagal 4*

**Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/203**

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/203 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear isteach an mhír 3a seo a leanas:

‘3a. Tá feidhm ag an Rialachán seo freisin maidir leis an údarás inniúil ainmnithe i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid-AR.UAS) a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme 2024/1109 (*) ón gCoimisiún.

---

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1109 ón gCoimisiún an 10 Aibreán 2024 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais agus nósanna imeachta riaracháin don údarás inniúil maidir le deimhniúchán, formhaoirseacht agus forfheidhmiú ar aeracmhainneacht leanúnach córas aerárthaí deimhnithe gan foireann, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/203 (OJ L, 2024/1109, 17.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1109/oj.’;

(2) in Airteagal 4, leasaítear mír 2 mar a leanas:

‘2.Na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 2(2), (3) agus (3a) comhlíonfaidh siad ceanglais Iarscríbhinn I (Cuid-IS.AR) a ghabhann leis an Rialachán seo.’.

*Airteagal 5*

**Teacht i bhfeidhm agus infheidhmeacht**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Bealtaine 2025.

Beidh feidhm ag pointí AR.UAS.GEN.125(c), AR.UAS.GEN.135A, AR.UAS.GEN.200(e) agus AR.UAS.GEN.205(c) den Iarscríbhinn ábhach ón 22 Feabhra 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Aibreán 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

**AERACMHAINNEACHT LEANÚNACH UAS - CEANGLAIS ÚDARÁIS**

**(CUID-AR.UAS)**

CLÁR

FOCHUID GEN —
CEANGLAIS GHINEARÁLTA

AR.UAS.GEN.005 Raon feidhme

AR.UAS.GEN.010 Údarás inniúil

AR.UAS.GEN.115 Doiciméadacht maoirseachta

AR.UAS.GEN.120 Modhanna comhlíontachta

AR.UAS.GEN.125 Faisnéis don Ghníomhaireacht

AR.UAS.GEN.135 Freagairt láithreach ar fhadhb sábháilteachta

AR.UAS.GEN.135A Freagairt láithreach ar theagmhas nó ar leochaileacht slándála faisnéise lena ngabhann tionchar ar an tsábháilteacht eitlíochta

AR.UAS.GEN.200 Córas bainistíochta

AR.UAS.GEN.205 Leithdháileadh na gcúraimí

AR.UAS.GEN.210 Athruithe sa chóras bainistíochta

AR.UAS.GEN.220 Coimeád taifead

AR.UAS.GEN.300 Prionsabail mhaoirseachta

AR.UAS.GEN.305 Clár formhaoirseachta — eagraíochtaí

AR.UAS.GEN.310 An nós imeachta tosaigh maidir le deimhniúchán — eagraíochtaí

AR.UAS.GEN.330 Athruithe — eagraíochtaí

AR.UAS.GEN.350 Torthaí, gníomhaíochtaí ceartaitheacha agus barúlacha — eagraíochtaí

AR.UAS.GEN.351 Torthaí agus gníomhaíochtaí ceartaitheacha — UAS

AR.UAS.GEN.355 Fionraíocht, teorannú agus cúlghairm deimhnithe

FOCHUID CAW —
AERACMHAINNEACHT UAS

AR.UAS.CAW.005 Raon feidhme

AR.UAS.CAW.303 Faireachán ar aeracmhainneacht leanúnach UAS

AR.UAS.CAW.902 Athbhreithniú ar aeracmhainneacht a dhéanann an t-údarás inniúil

Foscríbhinn Đeimhniú Chuid-CAO.UAS— Foirm EASA 3-CAO.UAS

FOCHUID GEN

***CEANGLAIS GHINEARÁLTA***

**AR.UAS.GEN.005 Raon feidhme**

San Iarscríbhinn seo, leagtar síos na coinníollacha faoina ndéanfar na cúraimí deimhniúcháin, formhaoirseachta agus forfheidhmiúcháin mar aon leis na ceanglais riaracháin agus na ceanglais córais bainistíochta atá le comhlíonadh ag an údarás inniúil atá freagrach as Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1107 a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú.

**AR.UAS.GEN.010 Údarás inniúil**

Chun críocha na hIarscríbhinne seo is é an t-údarás inniúil:

(a) maidir le formhaoirseacht ar aeracmhainneacht leanúnach UA aonair agus an tsaincheist maidir le deimhnithe ar athbhreithniú aeracmhainneachta (DAAnna), an t-údarás arna ainmniú ag Ballstát an chláraithe den UA. Beidh an t-údarás sin freagrach freisin as formhaoirseacht ar aeracmhainneacht leanúnach an ARF a mhéid a bhaineann sí le UA cláraithe sa Bhallstát sin;

(b) maidir le formhaoirseacht ar eagraíocht mar a shonraítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1107:

(i) an t-údarás arna ainmniú ag an mBallstát ina bhfuil príomháit ghnó na heagraíochta sin lonnaithe, nó ag Ballstát eile i gcás inar athshannadh an fhreagracht ar an mBallstát sin i gcomhréir le hAirteagal 64 de Rialachán (AE) 2018/1139;

(ii) an Ghníomhaireacht i gcás inar athshannadh freagracht an Bhallstáit ina bhfuil príomháit ghnó na heagraíochta sin lonnaithe i gcomhréir le hAirteagal 64 nó le hAirteagal 65 de Rialachán (AE) 2018/1139.

**AR.UAS.GEN.115 Doiciméadacht maoirseachta**

Soláthróidh an t-údarás inniúil na gníomhartha reachtacha, na caighdeáin, na rialacha, na foilseacháin theicniúla agus na doiciméid ghaolmhara uile don phearsanra ábhartha chun go mbeidh siad in ann a gcúraimí a dhéanamh agus a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh.

**AR.UAS.GEN.120 Modhanna comhlíontachta**

(a) Forbróidh an Ghníomhaireacht modhanna inghlactha comhlíonta (AMC) a fhéadfar a úsáid chun comhlíontacht le Rialachán (AE) 2018/1139 agus a ghníomhartha tarmligthe agus a ghníomhartha cur chun feidhme a shuí.

(b) Féadfar modhanna malartacha comhlíontachta a úsáid freisin chun comhlíonadh an Rialacháin seo a shuí.

(c) Cuirfidh údaráis inniúla an Ghníomhaireacht ar an eolas faoi aon mhodh malartach comhlíonta a úsáideann eagraíochtaí atá faoina bhformhaoirseacht nó a úsáideann siad féin chun comhlíontacht leis an Rialacháin seo a shuí.

**AR.UAS.GEN.125 Faisnéis don Ghníomhaireacht**

(a) Tabharfaidh údarás inniúil Ballstáit fógra don Ghníomhaireacht i gcás ina mbeidh fadhbanna suntasacha ann maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2018/1139 agus lena ghníomhartha tarmligthe agus lena ghníomhartha cur chun feidhme laistigh de 30 lá ón tráth a chuirtear an t-údarás inniúil ar an eolas faoi na fadhbanna.

(b) Gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1], agus dá ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme, soláthróidh an t-údarás inniúil, a luaithe is féidir, aon fhaisnéis don Ghníomhaireacht atá suntasach ó thaobh na sábháilteachta de agus a eascraíonn as na tuarascálacha ar tharluithe a stóráiltear sa bhunachar sonraí náisiúnta de bhun Airteagal 6(6) de Rialachán (AE) Uimh. 376/2014.

(c) Soláthróidh údarás inniúil an Bhallstáit don Ghníomhaireacht faisnéis shuntasach a bhaineann leis an tsábháilteacht a luaithe is féidir ar faisnéis í a eascraíonn as na tuarascálacha slándála faisnéise a bheidh faighte aige de bhun phointe CAO.UAS.102(b) d'Iarscríbhinn II (Cuid-IS.D.OR) a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1107.

**AR.UAS.GEN.135 Freagairt láithreach d'fhadhb shábháilteachta**

(a) Gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ná dá ghníomhartha tarmligthe ná dá ghníomhartha cur chun feidhme, déanfaidh an t-údarás inniúil córas a chur chun feidhme chun faisnéis sábháilteachta a bhailiú, a anailísiú agus a scaipeadh ar bhealach iomchuí.

(b) Cuirfidh an Ghníomhaireacht córas chun feidhme chun anailís iomchuí a dhéanamh ar aon fhaisnéis sábháilteachta ábhartha a fhaightear agus, gan moill mhíchuí, tabharfaidh sí d'údarás ábhartha na mBallstát agus don Choimisiún aon fhaisnéis, lena n-áirítear moltaí nó gníomhaíochtaí ceartaitheacha a bheidh le déanamh, is gá chun gur féidir leo freagairt go tráthúil d'fhadhb shábháilteachta a bhaineann le UAS, comhpháirteanna UAS, daoine nó eagraíochtaí atá faoi réir Rialachán (AE) 2018/1139 agus a ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme.

(1) Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tarluithe san eitlíocht shibhialta a thuairisciú, leis an anailís a dhéantar orthu agus leis na bearta leantacha a dhéantar ina leith, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1321/2007 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 1330/2007 ón gCoimisiún (IO L 122, 24.4.2014, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/376/oj).

(c) Tar éis don údarás inniúil an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) a fháil, déanfaidh sé bearta leordhóthanacha chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb shábháilteachta.

(d) Tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra gan mhoill faoi na bearta arna ndéanamh faoi phointe (c) do gach duine nó do gach eagraíocht nach mór dóibh na bearta sin a chomhlíonadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1139 agus a ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme. Tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra freisin don Ghníomhaireacht faoi na bearta sin agus, nuair a bheidh gá le comhghníomhaíocht, tabharfaidh sé fógra fúthu do na Ballstáit eile lena mbaineann.

**AR.UAS.GEN.135A Freagairt láithreach ar theagmhas nó ar leochaileacht slándála faisnéise lena ngabhann tionchar ar an tsábháilteacht eitlíochta**

(a) Gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus a ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme, cuirfidh an t-údarás inniúil córas chun feidhme chun faisnéis a bhaineann le teagmhais agus leochaileachtaí slándála faisnéise a bhailiú, a anailísiú, agus a scaipeadh go hiomchuí ar teagmhais agus leochaileachtaí iad lena ngabhann tionchar féideartha ar an tsábháilteacht eitlíochta agus a bhíonn á dtuairisciú ag eagraíochtaí. Déanfar sin i gcomhordú le haon údarás ábhartha eile atá freagrach as an tslándáil faisnéise nó as an gcibearshlándáil laistigh de Bhallstát chun comhordú agus comhoiriúnacht na scéimeanna tuairiscithe a mhéadú.

(b) Cuirfidh an Ghníomhaireacht córas chun feidhme chun anailís iomchuí a dhéanamh ar aon fhaisnéis ábhartha shuntasach a fhaightear agus a bhaineann leis an tsábháilteacht i gcomhréir le pointe AR.UAS.GEN.125(c), agus soláthróidh do na Ballstáit agus don Choimisiún gan moill mhíchuí aon fhaisnéis, lena n-áirítear moltaí nó gníomhaíochtaí ceartaitheacha atá le déanamh, ar moltaí nó gníomhaíochtaí iad is gá dóibh chun freagairt go tráthúil do theagmhas nó do leochaileacht slándála faisnéise lena ngabhann tionchar féideartha ar an tsábháilteacht eitlíochta agus a bhaineann le UAS, comhpháirteanna UAS, trealamh neamhshuiteáilte, daoine nó eagraíochtaí atá faoi réir Rialachán (AE) 2018/1139 agus a ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme.

(c) Ar dó an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) a fháil, déanfaidh an t-údarás inniúil bearta iomchuí chun dul i ngleic leis an tionchar féideartha an teagmhais nó na leochaileachta slándála faisnéise.

(d) Na bearta a dhéantar i gcomhréir le pointe (c), tabharfar fógra fúthu láithreach do gach duine nó eagraíocht ar duine nó eagraíocht iad ar gá na bearta sin a chomhlíonadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1139 agus a ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme. Tabharfaidh údarás inniúil Ballstáit fógra faoi na bearta sin don Ghníomhaireacht freisin agus, i gcás ina mbeidh gá le gníomhaíocht chomhcheangailte, tabharfaidh sé fógra d'údaráis inniúla na mBallstát eile lena mbaineann.

**AR.UAS.GEN.200 Córas bainistíochta**

(a) Déanfaidh an t-údarás inniúil córas bainistíochta a bhunú agus a choinneáil ar bun, lena n-áirítear an méid seo a leanas ar a laghad:

(1) beartais agus nósanna imeachta doiciméadaithe chun tuairisc a thabhairt ar a heagrúchán, ar na hacmhainní agus na modhanna chun a shuí go gcomhlíontar Rialachán (AE) 2018/1139 agus a ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme.Coimeádfar na nósanna imeachta cothrom le dáta agus úsáidfear iad ina mbundoiciméid oibre laistigh den údarás inniúil sin i gcás a chúraimí gaolmhara uile;

(2) líon leordhóthanach pearsanra chun a gcúraimí a dhéanamh agus a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh.Beidh córas i bhfeidhm chun a phleanáil go mbeidh pearsanra ar fáil d'fhonn a áirithiú go gcuirfear na cúraimí go léir i gcrích mar is cuí;

(3) pearsanra atá cáilithe chun na cúraimí atá sannta dóibh a dhéanamh agus a bhfuil an t-eolas agus an taithí is gá acu agus a fhaigheann oiliúint tosaigh arís agus arís eile chun inniúlacht leanúnach a áirithiú;

(4) saoráidí leordhóthanacha agus cóiríocht oifige leordhóthanach le haghaidh pearsanra ionas gur féidir leo na cúraimí a sannadh dóibh a dhéanamh;

(5) feidhm chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht an chórais bainistíochta leis na ceanglais ábhartha, agus ar leordhóthanacht na nósanna imeachta, lena n-áirítear próiseas iniúchóireachta inmheánach agus próiseas um bainistiú rioscaí sábháilteachta a bhunú;áireofar san fhaireachán ar chomhlíontacht córas aiseolais maidir le torthaí iniúchóireachta a chuirfear faoi bráid bhainistíocht shinsearach an údaráis inniúil chun cur chun feidhme gníomhaíochtaí ceartaitheacha a áirithiú de réir mar is gá;

(6) duine nó grúpa daoine a bhfuil freagracht orthu do bhainistíocht shinsearach an údaráis inniúil maidir leis an bhfeidhm faireacháin ar chomhlíontacht.

(b) Déanfaidh an t-údarás inniúil, i gcás gach réimse a ghníomhaíochta, lena n-áirítear an córas bainistíochta, duine amháin nó níos mó a cheapadh a mbeidh an fhreagracht fhoriomlán air nó orthu as an gcúram nó na cúraimí ábhartha a bhainistiú.

(c) Bunóidh an t-údarás inniúil nósanna imeachta le haghaidh na rannpháirtíochta i malartú frithpháirteach na faisnéise agus an chúnaimh uile is gá le haon údarás inniúil eile lena mbaineann, bíodh sé ón mBallstát céanna nó ó Bhallstáit eile, lena n-áirítear maidir lena leanas:

(1) na torthaí uile a ardaíodh agus aon ghníomhaíocht leantach a rinneadh mar thoradh ar mhaoirseacht daoine agus eagraíochtaí a fheidhmíonn gníomhaíochtaí ar chríoch Bhallstáit, ar daoine agus eagraíochtaí iad atá deimhnithe ag údarás inniúil Ballstáit eile nó ag an nGníomhaireacht;

(2) faisnéis a eascraíonn as tuairisciú éigeantach agus tuairisciú deonach ar tharluithe mar a cheanglaítear le pointe CAO.UAS.120 d'Iarscríbhinn II (Cuid-CAO.UAS) a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1107.

(d) Déanfar na nósanna imeachta a bhaineann leis an gcóras bainistíochta agus na leasuithe orthu ar fáil don Ghníomhaireacht chun críoch caighdeánaithe.

(e) I dteannta cheanglais phointe (a), comhlíonfaidh an córas bainistíochta arna bhunú agus arna choinneáil ar bun ag an údarás inniúil Iarscríbhinn I (Cuid-IS.AR) a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/203 chun bainistiú ceart an riosca a bhaineann le slándáil faisnéise a áirithiú ar riosca é a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar an tsábháilteacht eitlíochta.

**AR.UAS.GEN.205 Leithdháileadh na gcúraimí**

(a) Maidir le cúraimí a bhaineann leis an deimhniú tosaigh nó le formhaoirseacht leanúnach ar eagraíochtaí a shannadh d'eintitis cháilithe, féadfaidh an t-údarás inniúil iad a shannadh faoi réir Rialachán (AE) 2018/1139 agus a ghníomhartha tarmligthe agus a ghníomhartha cur chun feidhme.Agus cúraimí á leithdháileadh aige, áiritheoidh an t-údarás inniúil na nithe seo a leanas:

(1) go mbeidh córas curtha i bhfeidhm aige chun measúnú a dhéanamh ó thús agus go leanúnach féachaint an gcomhlíonann an t-eintiteas cáilithe Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1139;déanfar an córas sin agus torthaí na measúnuithe a dhoiciméadú;

(2) go mbeidh comhaontú i scríbhinn bunaithe aige leis an eintiteas cáilithe, comhaontú a d'fhormheas an dá pháirtí ar an leibhéal bainistíochta iomchuí, ina leagtar síos an méid seo a leanas:

(i) na cúraimí atá le comhlíonadh;

(ii) na dearbhuithe, na tuarascálacha agus na taifid atá le soláthar;

(iii) na coinníollacha teicniúla is gá a chomhlíonadh agus na cúraimí sin á ndéanamh;

(iv) an cumhdach i leith dliteanas lena mbaineann;

(v) an chosaint a thugtar don fhaisnéis a fhaightear agus na cúraimí sin á ndéanamh.

(b) Áiritheoidh an t-údarás inniúil go gcumhdófar leis an bpróiseas iniúchóireachta inmheánaí agus leis an bpróiseas um bainistiú riosca sábháilteachta a bhunaítear de réir pointe AR.UAS.GEN.200(a)(5) na cúraimí deimhniúcháin agus formhaoirseachta leanúnaí uile a dhéanann an t-eintiteas cáilithe thar a cheann.

(c) Maidir le deimhniú agus le formhaoirseacht chomhlíontacht na heagraíochta le pointe CAO.UAS.102 d'Iarscríbhinn II (Cuid-CAO.UAS) a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1107, féadfaidh an t-údarás inniúil cúraimí a leithdháileadh ar eintitis cháilithe i gcomhréir le pointe (a), nó ar aon údarás ábhartha atá freagrach as an tslándáil faisnéise nó as an gcibearshlándáil laistigh den Bhallstát; agus cúraimí á leithdháileadh aige, áiritheoidh an t-údarás inniúil na nithe a leanas:

(1) go ndéanfaidh an t-eintiteas cáilithe nó an t-údarás ábhartha gach gné a bhaineann leis an tsábháilteacht eitlíochta a chomhordú agus a chur san áireamh;

(2) go ndéanfar torthaí na ngníomhaíochtaí deimhniúcháin agus formhaoirseachta arna gcomhlíonadh ag an eintiteas cáilithe nó ag an údarás ábhartha a chomhtháthú i gcomhaid fhoriomlána deimhniúcháin agus formhaoirseachta na heagraíochta;

(3) go gcumhdófar lena chóras bainistíochta slándála faisnéise féin arna bhunú i gcomhréir le pointe AR.UAS.GEN.200(e) na cúraimí deimhniúcháin agus formhaoirseachta leanúnaí uile a dhéantar thar a ceann.

**AR.UAS.GEN.210 Athruithe sa chóras bainistíochta**

(a) Beidh córas i bhfeidhm ag an údarás inniúil chun athruithe a shainaithint, athruithe a dhéanann difear dá chumas a chúraimí a dhéanamh agus a fhreagrachtaí a chomhlíonadh mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/1139 agus ina ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme.Cuirfidh an córas sin ar a chumas don údarás inniúil aon ghníomhaíocht is gá a dhéanamh chun a áirithiú go leanfaidh a chóras bainistíochta de bheith leormhaith agus éifeachtach.

(b) Déanfaidh an t-údarás inniúil a chóras bainistíochta a thabhairt cothrom le dáta, go tráthúil, chun aon athrú ar Rialachán (AE) 2018/1139 agus ar a ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a léiriú chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach é.

(c) Tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra don Ghníomhaireacht faoi aon athrú a dhéanann difear dá chumas a chuid cúraimí a dhéanamh agus a fhreagrachtaí a chomhlíonadh mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/1139 agus ina ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme.

**AR.UAS.GEN.220 Taifid a choimeád**

(a) Bunóidh an t-údarás inniúil córas chun taifid a choimeád, ar córas é a fhágfaidh go bhféadfaidh stóráil leordhóthanach, inrochtaineacht leordhóthanach agus inrianaitheacht iontaofa a bheith ann maidir leis na nithe seo a leanas:

(1) beartais agus nósanna imeachta doiciméadaithe an chórais bainistíochta;

(2) oiliúint, cáilíochtaí agus údaruithe a phearsanra;

(3) sannadh na gcúraimí, lena gcumhdófar na heilimintí a cheanglaítear le pointe AR.UAS.GEN.205, mar aon le mionsonraí na gcúraimí a shanntar;

(4) próisis deimhniúcháin agus maoirseacht leanúnach ar eagraíochtaí deimhnithe, lena n-áirítear:

(i) an t-iarratas ar dheimhniú eagraíochta;

(ii) clár leanúnach maoirseachta an údaráis inniúil, lena n-áirítear na measúnuithe, na hiniúchtaí agus na taifid chigireachta go léir;

(iii) an deimhniú eagraíochta, lena n-áirítear aon athrú air;

(iv) an clár maoirseachta ina liostaítear na dátaí atá na hiniúchtaí dlite agus na dátaí a rinneadh iniúchtaí;

(v) gach comhfhreagras foirmiúil;

(vi) moltaí maidir le heisiúint nó le hathnuachan deimhnithe, mionsonraí na dtorthaí agus na ngníomhaíochtaí a rinne na heagraíochtaí chun clabhsúr a chur ar na torthaí sin, lena n-áirítear dáta an chlabhsúir, díolúintí, na gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin agus na barúlacha;

(vii) aon mheasúnú, iniúchadh agus tuarascáil chigireachta a d’eisigh údarás inniúil eile de bhun phointe AR.UAS.GEN.300(d);

(viii) mórthaispeántais agus lámhleabhair uile na heagraíochta, agus aon leasú orthu;

(ix) aon doiciméid eile a d’fhormheas an t-údarás inniúil;

(5) maidir leis an UAS faoi fhormhaoirseacht an údaráis inniúil, an próiseas formaoirseachta UAS, lena n-áirítear:

(i) deimhniú aeracmhainneachta an UA;

(ii) ARCanna;

(iii) tuarascálacha ó athbhreithnithe ar aeracmhainneacht a dhéanann an t-údarás inniúil é féin;

(iv) comhfhreagras ábhartha uile a bhaineann leis an UAS;

(v) mionsonraithe d’aon ghníomhaíocht(gníomhaíochtaí) díolúine agus forfheidhmiúcháin;

(vi) aon doiciméad arna fhormheas ag an údarás inniúil i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo;

(6) doiciméid a thacaíonn le húsáid modhanna malartacha comhlíonta;

(7) faisnéis sábháilteachta arna soláthar i gcomhréir le pointe AR.UAS.GEN.125 agus bearta leantacha;

(8) forálacha coimirce agus solúbthachta a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 70, le hAirteagal 71(1) agus le hAirteagal 76(4) de Rialachán (AE) 2018/1139.

(b) Coinneoidh an t-údarás inniúil liosta de na deimhnithe eagraíochta uile atá eisithe aige.

(c) Coinneofar na taifid ar fad dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) ar feadh íostréimhse 5 bliana, faoi réir an dlí is infheidhme maidir le cosaint sonraí, seachas na taifid dá dtagraítear i bpointe (a)(5) a choimeádfar ar feadh 3 bliana tar éis an t-aerárthach gan foireann a tharraingt siar go buan ó chlár náisiúnta an Bhallstáit.

(d) Cuirfear na taifid ar fad dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) ar fáil, arna iarraidh sin, don údarás inniúil Ballstáit eile nó don Ghníomhaireacht.

**AR.UAS.GEN.300 Prionsabail formhaoirseachta**

(a) Fíoróidh an t-údarás inniúil an méid seo a leanas:

(1) comhlíonadh na gceanglas is infheidhme maidir le heagraíochtaí nó UAS sula n-eiseoidh sé deimhniú, formheas nó údarú, mar is infheidhme;

(2) comhlíontacht leanúnach na gceanglas is infheidhme maidir leis na heagraíochtaí atá deimhnithe aige;

(3) comhlíontacht leanúnach na gceanglas is infheidhme maidir le UAS faoina fhormhaoirseacht;

(4) cur chun feidhme bearta iomchuí sábháilteachta a éilíonn an t-údarás inniúil i gcomhréir le pointí AR.UAS.GEN.135(c) agus (d).

(b) Maidir leis an bhfíorú sin:

(1) gheobhaidh sé tacaíocht ó dhoiciméadacht atá beartaithe go sonrach chun treoir a chur ar fáil don phearsanra atá freagrach as an maoirseacht, ar treoir í maidir lena bhfeidhmeanna a chomhlíonadh;

(2) cuirfidh sé torthaí na ngníomhaíochtaí maoirseachta ar fáil do na heagraíochtaí lena mbaineann;

(3) beidh sé bunaithe ar mheasúnuithe, iniúchtaí, cigireachtaí, suirbhéanna agus, más gá, cigireachtaí neamhfhógartha;

(4) cuirfidh sé an fhianaise is gá ar fáil don údarás inniúil i gcás ina mbeidh gá le tuilleadh gníomhaíochta, lena n-áirítear na bearta a leagtar amach i bpointí AR.UAS.GEN.350 agus AR.UAS.GEN.351.

(c) Bunóidh an t-údarás inniúil raon feidhme na formhaoirseachta a leagtar amach i bpointí (a) agus (b) agus torthaí na ngníomhaíochtaí formhaoirseachta a rinneadh roimhe sin agus na tosaíochtaí sábháilteachta á gcur san áireamh.

(d) I gcás ina mbeidh saoráidí eagraíochta lonnaithe i níos mó ná Ballstát amháin, féadfaidh an t-údarás inniúil, dá bhforáiltear i bpointe AR.UAS.GEN.010, a chomhaontú go ndéanfaidh údarás inniúil nó údaráis inniúla an Bhallstáit nó na mBallstát ina bhfuil na saoráidí lonnaithe na cúraimí formhaoirseachta sin.Déanfar aon eagraíocht atá faoi réir comhaontú den sórt sin a chur ar an eolas gurb ann dó agus maidir lena raon feidhme.

(e) Maidir le haon ghníomhaíocht formhaoirseachta a dhéantar i saoráidí atá lonnaithe i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuil a príomháit ghnó ag an eagraíocht, cuirfidh an t-údarás inniúil, dá bhforáiltear i bpointe AR.UAS.GEN.010, údarás inniúil an Bhallstáit sin ar an eolas sula ndéanfaidh sé aon iniúchadh nó cigireacht ar an láthair ar na saoráidí.

(f) Baileoidh agus próiseálfaidh an t-údarás inniúil aon fhaisnéis a mheastar a bheith riachtanach chun gníomhaíochtaí maoirseachta a dhéanamh.

**AR.UAS.GEN.305 Clár formhaoirseachta — eagraíochtaí**

(a) Déanfaidh an t-údarás inniúil clár formhaoirseachta a bhunú agus a choinneáil ar bun, clár lena gcumhdófar na gníomhaíochtaí formhaoirseachta a cheanglaítear le pointe AR.UAS.GEN.300.

(b) Maidir le heagraíochtaí atá deimhnithe ag an údarás inniúil, cuirfear san áireamh sa chlár formhaoirseachta cineál sonrach na heagraíochta, castacht a gníomhaíochtaí, torthaí na ngníomhaíochtaí deimhniúcháin nó formhaoirseachta a rinneadh roimhe sin, nó iad araon, agus beidh sé bunaithe ar an measúnú ar na rioscaí gaolmhara.Áireofar ann na nithe seo a leanas, laistigh de gach timthriall pleanála maoirseachta:

(1) measúnuithe, iniúchtaí agus cigireachtaí, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí:

(i) iniúchtaí próisis;

(ii) iniúchtaí táirge ar shampla ábhartha aerárthaí arna mbainistiú ag an eagraíocht nó cothabháil a rinne an eagraíocht, nó an dá rud, de réir mar is infheidhme;

(iii) sampláil de na hathbhreithnithe aeracmhainneachta a rinneadh;

(iv) cigireachtaí neamhfhógartha;

(2) cruinnithe a tionóladh idir an bainisteoir cuntasach agus an t-údarás inniúil chun a áirithiú go gcoinneofar an dá pháirtí ar an eolas maidir le gach saincheist shuntasach.

(c) I gcás eagraíochtaí atá deimhnithe ag an údarás inniúil, ní mhairfidh an timthriall pleanála formhaoirseachta níos faide ná 24 mhí.

(d) Féadfar an timthriall pleanála formhaoirseachta a ghiorrú má tá fianaise ann go bhfuil laghdú tagtha ar fheidhmíocht sábháilteachta na heagraíochta.

(e) Áireofar sa chlár maoirseachta taifid de na dátaí atá na measúnuithe, iniúchtaí, cigireachtaí agus cruinnithe dlite, agus na dátaí a cuireadh na measúnuithe, iniúchtaí, cigireachtaí agus cruinnithe i gcrích go héifeachtach.

(f) Tar éis don údarás inniúil gach timthriall pleanála formhaoirseachta a chur i gcrích, eiseoidh sé tuarascáil mholta maidir le hathnuachan an cheadaithe, ina léireofar torthaí na formhaoirseachta.

**AR.UAS.GEN.310 An nós imeachta tosaigh maidir le deimhniúchán — eagraíochtaí**

(a) Tar éis don údarás inniúil iarratas a fháil ó eagraíocht ar eisiúint tosaigh deimhnithe, fíoróidh an t-údarás inniúil comhlíontacht na heagraíochta leis na ceanglais is infheidhme.

(b) Tionólfar cruinniú le bainisteoir cuntasach na heagraíochta uair amháin ar a laghad le linn an imscrúdaithe le haghaidh deimhniú tosaigh chun a áirithiú go dtuigeann an duine sin an ról sin agus an chuntasacht a ghabhann leis.

(c) Déanfaidh an t-údarás inniúil taifead de na torthaí ar fad atá eisithe, ar na gníomhaíochtaí clabhsúir mar aon leis na moltaí maidir leis an deimhniú a eisiúint.

(d) Déanfaidh an t-údarás inniúil na torthaí ar fad a ardaíodh le linn an fhíoraithe a dhearbhú don eagraíocht i scríbhinn.I gcás an chéad deimhniúcháin, ní mór na torthaí ar fad a cheartú chun sástacht an údaráis inniúil sula bhféadfar an deimhniú a eisiúint.

(e) Nuair a bheidh sé sásta go gcomhlíonann an eagraíocht na ceanglais is infheidhme, déanfaidh an t-údarás inniúil na nithe seo a leanas:

(1) an deimhniú a eisiúint i gcomhréir leis an bhFoscríbhinn a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo;

(2) an lámhleabhar eagraíochta a fhormheas go foirmiúil.

(f) Áireofar ar dheimhniú na heagraíochta uimhir thagartha an deimhnithe ar bhealach a shonróidh an Ghníomhaireacht.

(g) Eiseofar an deimhniú ar feadh tréimhse neamhtheoranta. Na pribhléidí agus raon feidhme na ngníomhaíochtaí a bhfuil an eagraíocht formheasta ina leith, lena n-áirítear aon teorainn de réir mar is infheidhme, déanfar iad a shonrú i dtéarmaí an cheadaithe a ghabhann leis an deimhniú.

(h) Ionas go mbeidh an eagraíocht in ann athruithe a chur chun feidhme gan cheadú a fháil ón údarás inniúil roimh ré i gcomhréir le pointe CAO.UAS.105 d'Iarscríbhinn II (Cuid-CAO.UAS) a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1107, formheasfaidh an t-údarás inniúil nós imeachta ábhartha an lámhleabhair eagraíochta ina leagtar amach raon feidhme na n-athruithe sin agus ina dtabharfar tuairisc ar an mbealach a dhéanfar na hathruithe sin a bhainistiú agus fógra fúthu a thabhairt don údarás inniúil.

**AR.UAS.GEN.330 Athruithe — eagraíochtaí**

(a) Tar éis don údarás inniúil iarratas a fháil ar athrú a éilíonn ceadú roimh ré, fíoróidh an t-údarás inniúil comhlíontacht na heagraíochta leis ceanglais is infheidhme sula n-eiseoidh sé an ceadú.

(b) Bunóidh an t-údarás inniúil na coinníollacha faoina bhféadfaidh an eagraíocht oibriú le linn an athraithe ach amháin má chinneann an t-údarás inniúil gur gá an deimhniú eagraíochta a chur ar fionraí.

(c) I gcás gur deimhin leis an údarás inniúil go gcomhlíonann an eagraíocht na ceanglais is infheidhme, formheasfaidh sé an t-athrú.

(d) Gan dochar d'aon bheart forfheidhmiúcháin breise, má chuireann an eagraíocht athruithe chun feidhme a n-éilítear leo ceadú roimh ré gan an ceadú a bheith faighte aici ón údarás inniúil i gcomhréir le pointe (c), déanfaidh an t-údarás inniúil a mheas an gá an deimhniú eagraíochta a chur ar fionraí, a theorannú nó a chúlghairm.

(e) I gcás athruithe nach n-éilítear leo ceadú roimh ré, áireoidh an t-údarás inniúil an t-athbhreithniú ar na hathruithe sin lena mhaoirseacht leanúnach i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach i bpointe AR.UAS.GEN.300.Má aimsítear aon neamhchomhlíontacht, tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra don eagraíocht, iarrfaidh sé tuilleadh athruithe agus gníomhóidh sé i gcomhréir le pointe AR.UAS.GEN.350.

**AR.UAS.GEN.350 Torthaí, gníomhaíochtaí ceartaitheacha agus barúlacha — eagraíochtaí**

(a) Beidh córas i bhfeidhm ag an údarás inniúil chun anailís a dhéanamh ar thorthaí i ndáil lena dtábhacht ó thaobh sábháilteachta de.

(b) Eiseoidh an t-údarás inniúil toradh leibhéal 1 nuair a bhraitear aon neamhchomhlíontacht shuntasach i ndáil le ceanglais is infheidhme Rialachán (AE) 2018/1139 agus lena ghníomhartha tarmligthe agus lena ghníomhartha cur chun feidhme, le nósanna imeachta agus lámhleabhair na heagraíochta, nó leis an deimhniú eagraíochta, lena n-áirítear téarmaí an cheadaithe, ar neamhchomhlíontacht í a laghdaíonn an tsábháilteacht nó a chuireann sábháilteacht na heitilte go mór i mbaol.

Áireofar an méid seo a leanas freisin sna torthaí ar Leibhéal 1:

(1) aon mhainneachtain rochtain a thabhairt don údarás inniúil ar shaoráidí na heagraíochta dá dtagraítear i bpointe CAO.UAS.112 d'Iarscríbhinn II (Cuid-CAO.UAS) a ghabhann le Rialachán Tarmligthe 2024/1107 le linn gnáthuaireanta oibriúcháin agus tar éis dhá iarraidh i scríbhinn;

(2) an deimhniú eagraíochta a fháil nó a bhailíocht a choinneáil ar bun trí fhalsú a dhéanamh ar an bhfianaise dhoiciméadach a cuireadh isteach;

(3) aon fhianaise ar mhíchleachtas nó ar úsáid chalaoiseach an deimhnithe eagraíochta;

(4) easpa bainisteora chuntasaigh.

(c) Eiseoidh an t-údarás inniúil toradh leibhéal 2 nuair a bhraitear aon neamhchomhlíontacht i ndáil le ceanglais is infheidhme Rialachán (AE) 2018/1139 agus a ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme, le nósanna imeachta agus lámhleabhair na heagraíochta, nó leis an deimhniú eagraíochta, lena n-áirítear téarmaí an fhormheasa, ar neamhchomhlíontacht í nach n-aicmítear ina thoradh leibhéal 1.

(d) I gcás ina mbraitear toradh le linn formhaoirseachta nó ar aon mbealach eile, gan dochar d'aon ghníomhaíocht bhreise a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1139 agus lena ghníomhartha tarmligthe agus lena ghníomhartha cur chun feidhme, déanfaidh an t-údarás inniúil an toradh a chur in iúl i scríbhinn don eagraíocht agus iarrfaidh sé gníomhaíocht cheartaitheach chun aghaidh a thabhairt ar an neamhchomhlíontacht a sainaithníodh.Má bhaineann toradh leibhéal 1 go díreach le UA nó ARF, cuirfidh an t-údarás inniúil é sin in iúl don údarás inniúil a shonraítear i bpointe AR.UAS.GEN.010(a), má tá siad éagsúil leis an údarás inniúil lena n-ardaítear an cinneadh.

(1) Má fhaightear aon toradh leibhéal 1, déanfaidh an t-údarás inniúil beart láithreach iomchuí chun gníomhaíochtaí na heagraíochta lena mbaineann a toirmeasc nó srian a chur leo agus, más iomchuí, déanfaidh sé beart chun an deimhniú a chúlghairm, nó é a chur ar fionraí nó a theorannú ina iomláine nó i bpáirt, ag brath ar mhéid an toradh leibhéal 1, go dtí go n-éireoidh le gníomhaíocht cheartaitheach óna eagraíocht.

(2) Má tá aon toradh ar leibhéal 2 ann, déanfaidh an t-údarás inniúil an méid seo a leanas:

(i) tréimhse chur chun feidhme chun plean gníomhaíochta ceartaithí a dheonú don eagraíocht, tréimhse is iomchuí do chineál an toraidh agus nach mbeidh in aon chás níos faide ná 3 mhí ar dtús. Tosóidh an tréimhse ón dáta a dhéanfar an toradh a chur in iúl i scríbhinn don eagraíocht. Ag deireadh na tréimhse sin, agus faoi réir chineál an toraidh, féadfaidh an t-údarás inniúil síneadh a chur leis an tréimhse 3 mhí;

(ii) measúnú a dhéanamh ar an bplean gníomhaíochta ceartaithí atá beartaithe ag an eagraíocht, agus má chinntear sa mheasúnú gur leor é sin chun aghaidh a thabhairt ar an neamhchomhlíontacht, glacadh leis.

(3) Má theipeann ar an eagraíocht plean gníomhaíochta ceartaithí inghlactha a chur isteach, nó má theipeann uirthi an ghníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh laistigh den tréimhse ama ar ghlac an t-údarás inniúil léi i dtosach báire nó ar chuir an t-údarás inniúil síneadh breise léi, ardófar an toradh go leibhéal 1 agus déanfar gníomhaíocht i gcomhréir le pointe (d)(1).

(4) Déanfaidh an t-údarás inniúil taifead de na torthaí ar fad a d'ardaigh sé nó a cuireadh in iúl dó i gcomhréir le pointe (e) agus, i gcás inarb infheidhme, déanfaidh sé taifead de na bearta forfheidhmiúcháin a chuir sé i bhfeidhm, chomh maith leis na gníomhaíochtaí ceartaitheacha uile agus na dátaí a cuireadh clabhsúr ar na torthaí uile.

(e) Gan dochar d'aon bheart forfheidhmiúcháin breise, i gcás ina sainaithníonn údarás a dhéanann na cúraimí formhaoirseachta i gcomhréir le pointe AR.UAS.GEN.300(d) aon neamhchomhlíontacht cheanglais infheidhme Rialachán (AE) 2018/1139 agus a ghníomhartha tarmligthe agus a ghníomhartha cur chun feidhme ag eagraíocht atá deimhnithe ag údarás inniúil Ballstáit eile nó ag an nGníomhaireacht, cuirfidh sé an t-údarás inniúil sin ar an eolas faoi, agus tabharfaidh sé léiriú ar leibhéal an toraidh.

(f) Féadfaidh an t-údarás inniúil barúlacha a eisiúint le haghaidh aon cheann de na cásanna seo a leanas nach n-éilítear leo toradh ar leibhéal 1 ná leibhéal 2:

(1) i gcás aon ítime ar measadh a feidhmíocht a bheith neamhéifeachtach;

(2) nuair a sainaithníodh go bhfuil sé de chumas ag ítim a bheith ina cúis le neamhchomhlíontacht faoi phointí (b) nó (c);

(3) nuair a bhíonn moltaí nó feabhsuithe ina n-ábhar spéise le haghaidh fheidhmíocht sábháilteachta fhoriomlán na heagraíochta.

Cuirfear na barúlacha a eisítear faoin bpointe seo in iúl i scríbhinn don eagraíocht agus déanfaidh an t-údarás inniúil iad a thaifeadadh.

**AR.UAS.GEN.351 Torthaí agus gníomhaíochtaí ceartaitheacha — UAS**

(a) Beidh córas i bhfeidhm ag an údarás inniúil chun anailís a dhéanamh ar thorthaí i ndáil lena dtábhacht ó thaobh sábháilteachta de.

(b) Is é atá i dtoradh ar leibhéal 1 aon toradh de neamhchomhlíontacht shuntasach an UAS le ceanglais Iarscríbhinn I (Cuid-ML.UAS) a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1107, a laghdaíonn an tsábháilteacht nó a chuireann sábháilteacht na heitilte go mór i mbaol.

(c) Is é atá i dtoradh ar leibhéal 2 aon toradh de neamhchomhlíontacht an UAS le ceanglais Iarscríbhinn I (Cuid-ML.UAS) a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1107, nach n-aicmítear ina thoradh leibhéal 1.

(d) Má aimsítear fianaise le linn suirbhéanna aerárthaigh nó ar mhodhanna eile a léiríonn neamhchomhlíontacht an UAS le ceanglais Iarscríbhinn I (Cuid-ML.UAS) a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1107, déanfaidh an t-údarás inniúil an méid seo a leanas:

(1) maidir le torthaí leibhéal 1, plean gníomhaíochta ceartaithí a éileamh láithreach lena n-áirítear ceartuithe atá le déanamh sula dtabharfar faoi thuilleadh eitilte, agus más iomchuí, an ARC a chúlghairm nó a chur ar fionraí; agus

(2) maidir le torthaí ar leibhéal 2, plean gníomhaíochta ceartaithí a éileamh, mar is iomchuí do chineál an toraidh.

**AR.UAS.GEN.355 Fionraíocht, teorannú agus deimhniú a chúlghairm**

Déanfaidh an t-údarás inniúil an méid a leanas:

(a) deimhniú a chur ar fionraí nuair a mheasann sé go bhfuil forais réasúnacha ann go bhfuil gá leis an mbeart sin chun bagairt inchreidte ar shábháilteacht aerárthaí gan foireann a chosc;

(b) deimhniú a chur ar fionraí, a chúlghairm nó a theorannú más rud é go gceanglaítear an ghníomhaíocht sin i gcomhréir le pointe AR.UAS.GEN.350 nó pointe AR.UAS.GEN.351;

(c) deimhniú eagraíochta a chur ar fionraí nó a theorannú ina iomláine nó i bpáirt, má chuireann cúinsí neamh-intuartha nach bhfuil neart ag an údarás inniúil orthu cosc ar a gcigirí a bhfreagrachtaí formhaoirseachta a chomhlíonadh maidir leis an timthriall pleanála formhaoirseachta.

FOCHUID CAW

***AERACMHAINNEACHT UAS***

**AR.UAS.CAW.005 Raon feidhme**

Leis an bhFochuid seo cuirtear ar bun na ceanglais atá le comhlíonadh ag an údarás inniúil le linn dó a chúraimí a fheidhmiú agus a gcuid freagrachtaí a urscaoileadh maidir le formhaoirseacht ar aeracmhainneacht leanúnach UAS faoi réir Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1107, agus saincheist na ndeimhnithe ar athbhreithniú aeracmhainneachta (ARCanna).

**AR.UAS.CAW.303 Faireachán ar aeracmhainneacht leanúnach UAS**

(a) Forbróidh an t-údarás inniúil clár suirbhé ag cloí le cur chuige rioscabhunaithe chun faireachán a dhéanamh ar stádas aeracmhainneachta aerloingis UA ar a chlár, agus dá n-aonaid rialúcháin agus faireacháin (ARFanna).

(b) Áireofar sa chlár suirbhé táirge ar shampla de UA agus ARFanna, agus cumhdófar leis na gnéithe uile de phríomheilimintí riosca aeracmhainneachta.

(c) Déanfaidh an suirbhé táirge sampláil ar na caighdeáin aeracmhainneachta a baineadh amach, ar bhonn na gceanglas is infheidhme, agus aon torthaí a shainaithint.

(d) Déanfar aon torthaí a chatagóiriú i gcomhréir le pointe AR.UAS.GEN.351 agus a dheimhniú i scríbhinn don duine nó don eagraíocht atá freagrach i gcomhréir le pointe ML.UAS.201 d'Iarscríbhinn I (Cuid-ML.UAS) a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1107.

(e) Déanfaidh an t-údarás inniúil na torthaí agus na gníomhaíochtaí clabhsúir uile a thaifeadadh.

(f) Má aimsítear fianaise le linn suirbhé den sórt sin a léiríonn neamhchomhlíontacht maidir leis an Iarscríbhinn seo nó Iarscríbhinní eile, tabharfaidh aghaidh ar an toradh mar a shonraítear san iarscríbhinn ábhartha.

(g) Más gá chun gníomhaíocht forfheidhmiúcháin iomchuí a áirithiú, malartóidh an t-údarás inniúil faisnéis maidir le haon neamhchomhlíontacht a shainaithnítear i gcomhréir le pointe (f) le húdaráis inniúla eile.

**AR.UAS.CAW.902 Athbhreithniú ar aeracmhainneacht a dhéanann an t-údarás inniúil**

(a) Nuair a dhéanann an t-údarás inniúil an t-athbhreithniú ar aeracmhainneacht agus eisíonn an ARC (an Fhoirm 15d EASA) mar a leagtar amach i bhFoscríbhinn 2 a ghabhann le hIarscríbhinn I (Cuid-ML.UAS) a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1107, déanfaidh an t-údarás inniúil athbhreithniú aeracmhainneachta i gcomhréir le pointe ML.UAS.903 d'Iarscríbhinn I (Cuid-ML.UAS) a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1107.

(b) Beidh foireann athbhreithnithe aeracmhainneachta ag an údarás inniúil chun athbhreithnithe aeracmhainneachta a dhéanamh. Comhlíonfaidh an fhoireann sin gach ceann de na ceanglais seo a leanas:

(1) tá 3 bliana ar a laghad de thaithí faighte acu ar aeracmhainneacht leanúnach;

(2) tá céim aerloingseoireachta nó ceadúnas, nó cáilíocht chomhionann bainte amach acu;

(3) tá oiliúint chothabhála aerloingseoireachta iomchuí faighte acu;

(4) tá post acu lena n-údaraítear dóibh síniú thar cheann an údaráis inniúil.

D'ainneoin pointí (b)(1) go (b)(4), is féidir 3 bliana de thaithí maidir le haeracmhainneacht leanúnach a chur in ionad pointe (b)(2), i dteannta na taithí a cheanglaítear cheana ag pointe (b)(1).

(c) Coinneoidh an t-údarás inniúil taifead ar an bpearsanra athbhreithnithe aeracmhainneachta ar fad lena n-áireofar mionsonraí maidir le haon cháilíocht iomchuí atá acu, mar aon le hachoimre ar an taithí bhainistíochta agus ar an oiliúint ábhartha i dtaca leis an aeracmhainneacht leanúnach.

(d) Le linn an athbhreithnithe aeracmhainneachta a dhéanamh, beidh rochtain ag an údarás inniúil ar na sonraí is infheidhme amhail iad atá sonraithe i bpointí ML.UAS.305 agus ML.UAS.401 d'Iarscríbhinn I (Cuid-ML.UAS) a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1107.

(e) Eiseoidh baill foirne a dhéanann an t-athbhreithniú ar aeracmhainneacht ARC (an Fhoirm 15d EASA) mar a leagtar amach i bhFoscríbhinn 2 a ghabhann le hIarscríbhinn I (Cuid-ML.UAS) a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1107 nuair a thabharfar i gcrích go sásúil an t-athbhreithniú ar aeracmhainneacht.

(f) I gcás ina nochtar bagairt fhéideartha sábháilteachta, déanfaidh an t-údarás inniúil athbhreithniú ar aeracmhainneacht agus eiseoidh sé féin an ARC.

*Foscríbhinn*

**Deimhniú ar Chuid-CAO.UAS – Foirm 3-CAO.UAS EASA**

(a) Laistigh den aicme cheadaithe (nó de na haicmí ceadaithe) agus den rátáil cheadaithe (nó de na rátálacha ceadaithe) a bhunaíonn an t-údarás inniúil, le raon feidhme na hoibre a shonraítear sa lámhleabhar eagraíochta, sainítear go beacht teorainneacha a cheadaithe. Tá sé fíor-riachtanach, dá bhrí sin, go mbíonn an aicme cheadaithe (nó na haicmí ceadaithe) agus an rátáil cheadaithe (nó na rátálacha ceadaithe) ag teacht le raon feidhme obair na heagraíochta.

(b) Ciallaíonn rátáil *UAS* i ndáil le pribhléidí cothabhála UA nó ARF, go bhféadfaidh an eagraíocht Cuid-CAO.UAS, i gcomhréir le raon feidhme na hoibre a shonraítear sa lámhleabhar eagraíochta, cothabháil a dhéanamh ar an UA, an ARF, nó ar an dá rud. Féadfaidh an eagraíocht sin cothabháil a dhéanamh freisin ar chomhpháirteanna (lena n-áirítear innill), i gcomhréir le sonraí cothabhála UA nó ARF nó, má chomhaontaíonn an t-údarás inniúil, i gcomhréir le sonraí cothabhála na comhpháirte, fad atá na comhpháirteanna sin feistithe ar an UA nó ar an ARF, agus sa chás sin amháin. Mar sin féin, féadfaidh eagraíocht den sórt sin comhpháirt a bhaint go sealadach chun críoch cothabhála chun rochtain ar an gcomhpháirt sin a fheabhsú, ach amháin nuair is gá cothabháil bhreise a dhéanamh de dheasca a bainte, ar cothabháil í nach bhfuil an eagraíocht formheasta lena déanamh.Maidir le comhpháirt a bhaint den sórt sin chun críoch cothabhála ag eagraíocht chothabhála a bhfuil rátáil UAS aici, bheidh sé faoi réir nós imeachta um rialú atá sonraithe sa lámhleabhar eagraíochta.

Faoi rátáil *UAS*, féadfar an eagraíocht Cuid-CAO.UAS a fhormheas freisin, i gcomhréir le raon feidhme na hoibre sonraithe sa lámhleabhar eagraíochta, chun ARFanna a shuiteáil, aeracmhainneacht leanúnach UAS a bhainistiú, athbhreithnithe aeracmhainneachta a dhéanamh agus ceadúnais eitilte a eisiúint.

(c) Ciallaíonn *rátáil innill iomláin* (tuirbín, loine, leictreach, nó eile) go bhféadfaidh an eagraíocht Cuid-CAO.UAS cothabháil a dhéanamh ar inneall neamhshuiteáilte agus ar chomhpháirteanna innill i gcomhréir le sonraí cothabhála an innill nó, má chomhaontaíonn an t-údarás inniúil, i gcomhréir le sonraí cothabhála na comhpháirte, fad atá na comhpháirteanna feistithe ar an inneall agus sa chás sin amháin. Mar sin féin, féadfaidh eagraíocht inneall-rátáilte comhpháirt a bhaint go sealadach chun críoch cothabhála chun rochtain ar an gcomhpháirt sin a fheabhsú, ach amháin nuair is gá cothabháil bhreise a dhéanamh de dheasca a bainte, ar cothabháil í nach bhfuil an eagraíocht formheasta lena déanamh.Féadfaidh eagraíocht atá inneall-rátáilte cothabháil a dhéanamh freisin ar inneall suiteáilte le linn cothabháil UA faoi réir nós imeachta um rialú sonraithe sa lámhleabhar eagraíochta le bheith formheasta ag an údarás inniúil.

(d) Ciallaíonn *rátáil chomhpháirte seachas rátáil innill iomláin* go bhféadfaidh an eagraíocht Cuid-CAO.UAS cothabháil a dhéanamh ar chomhpháirteanna neamhshuiteáilte (seachas innill iomlána) beartaithe lena bhfeistiú don UA, an t-inneall nó an ARF. Féadfaidh eagraíocht atá inneall-rátáilte cothabháil a dhéanamh freisin ar chomhpháirt suiteáilte (seachas innill iomlána) le linn cothabháil UA, cothabháil ARF nó ag saoráid cothabhála innill faoi réir nós imeachta um rialú sonraithe sa lámhleabhar eagraíochta le bheith formheasta ag an údarás inniúil.

(e) Is éard is rátáil *tástála neamhscriosaí* (TNS) rátáil fhéinchuimsitheach nach gá go mbainfeadh sí le haerárthach ar leith, le hinneall ar leith nó le comhpháirt eile ar leith. Ní gá an rátáil TNS ach amháin le haghaidh eagraíocht Cuid-CAO.UAS a dhéanann TNS mar chúram ar leith thar ceann eagraíocht eile. Féadfaidh eagraíocht Cuid-CAO.UAS atá formheasta le rátáil innill nó rátáil chomhpháirte UAS TNS a dhéanamh ar tháirgí agus ar chomhpháirteanna á gcothabháil aici faoi réir lámhleabhar na heagraíochta ina bhfuil nósanna imeachta TNS gan gá rátáil TNS a bheith aici.

Leathanach 1 as 2

[BALLSTÁT (*) ]
Ballstát den Aontas Eorpach (**)

DEIMHNIÚ CAO.UAS

Tagairt: [CÓD AN BHALLSTÁIT (*) ].CAO.UAS.[XXXX]

De bhun Rialachán (AE) Uimh. 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1109 ón gCoimisiún agus Rialachán Tarmligthe 2024/1107 ón gCoimisiún, agus faoi réir na gcoinníollacha a shonraítear thíos, deimhníonn [ÚDARÁS INNIÚIL AN BHALLSTÁIT (*) ] leis seo go bhfuil:

[AINM NA HEAGRAÍOCHTA CEADAITHE AGUS SEOLADH]

mar eagraíocht Cuid-CAO.UAS i gcomhréir le hIarscríbhinn II (Cuid-CAO.UAS) a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1107 ón gCoimisiún)

COINNÍOLLACHA:

(a) Tá an formheas seo teoranta don mhéid a shonraítear i dtéarmaí an fhormheasa faoi iamh agus i roinn 'Raon feidhme oibre' lámhleabhar na heagraíochta dá dtagraítear in Iarscríbhinn II (Cuid-CAO.UAS) a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1107 ón gCoimisiún;
(b) Ceanglaítear leis an bhformheas sin comhlíonadh na nósanna imeachta a shonraítear i lámhleabhar na heagraíochta;
(c) Tá an formheas sin bailí a fhad is atá an eagraíocht Cuid-CAO.UAS formheasta fós i gcomhréir le hIarscríbhinn II (Cuid-CAO.UAS) a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1107 ón gCoimisiún;
(d) I gcás ina ligeann an eagraíocht Cuid-CAO.UAS formheasta soláthar seirbhísí ar fochonradh chuig eagraíocht nó roinnt eagraíochtaí, beidh an formheas sin fós bailí faoi réir na heagraíochta (na n-eagraíochtaí) sin ag comhlíonadh na n-oibleagáidí conarthacha is infheidhme;
(e) Faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha sin thuasluaite, leanfaidh an formheas seo de bheith bailí ar feadh ré neamhtheoranta mura mbeidh an formheas tugtha suas, nó formheas eile curtha ina ionad, nó é curtha ar fionraí nó cúlghairthe roimh sin.

Dáta na heisiúna bunaidh den deimhniú formheasta: ....................
Dáta an athbhreithnithe seo ar an deimhniú formheasta: ....................
Uimhir an athbhreithnithe: ....................
Sínithe: ....................

Le haghaidh an údaráis inniúil: [ÚDARÁS INNIÚIL AN BHALLSTÁIT (*)]

(*) Nó 'EASA', más é EASA an t-údarás inniúil.
(**) Scriostar seo i gcás Stát nach Ballstát den Aontas é nó EASA.
**Foirm 3-CAO.UAS EASA — Eagrán 1**

Leathanach 2 as 2

**EAGRAÍOCHTAÍ Cuid-CAO.UAS**
**TÉARMAÍ AN CHEADAITHE**

Tagairt: [CÓD AN BHALLSTÁIT (*) ].CAO.UAS.XXXX
Eagraíocht: [AINM NA HEAGRAÍOCHTA CEADAITHE AGUS SEOLADH]

| **AICME** | **RÁTÁIL** | **PRIBHLÉIDÍ** (***) |
|---|---|---|
| **UAS** (**) | UAS (**) | ☐ Cothabháil UA<br>☐ Cothabháil ARF<br>☐ Suiteáil ARF<br>☐ Bainistíocht ar aeracmhainneacht leanúnach<br>☐ Athbhreithniú ar aeracmhainneacht leanúnach<br>☐ Cead eitilte |
| **COMHPHÁIR-TEANNA** (**) | Inneall iomlán (**) | ☐ Cothabháil |
| | Comhpháirteanna seachas innill iomlána (**) | |
| **SEIRBHÍSÍ SPEISIALAITHE** (**) | Tástáil neamhscriosach (TNS) (**) | ☐ TNS |

| **Liosta eagraíochta (eagraíochtaí) ar fochonradh a dhéanann cúraimí maidir le haeracmhainneacht leanúnach** |
|---|
| |
| |

Tá na téarmaí formheasa sin teoranta don UAS, do chomhpháirteanna UAS, agus do na gníomhaíochtaí a shonraítear i roinn 'Raon feidhme oibre' de lámhleabhar na heagraíochta.
Tagairt do lámhleabhar na heagraíochta: ……
Dáta eisiúna bunaidh lámhleabhar na heagraíochta: ……
Dáta an athbhreithnithe formheasta is déanaí: …… Uimhir an athbhreithnithe: ……
Sínithe: ……
Le haghaidh an údaráis inniúil: [ÚDARÁS INNIÚIL AN BHALLSTÁIT (*) ]

(*) Nó 'EASA', más é EASA an t-údarás inniúil.
(**) Scriostar de réir mar is iomchuí mura bhformheastar an eagraíocht.
(***) Roghnaigh de réir mar is iomchuí.
**Foirm 3-CAO.UAS EASA — Eagrán 1**